



**MEABHRÁN TUISCEANA IDIR
AN COIMISIÚN UM RIALÁIL FUINNIMH
AGUS
AN BORD PLEANÁLA**

16 Eanáir 2013

1. Réamhrá

Is é cuspóir an Mheabhráin Tuisceana (“MT”) seo idir an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (“an Coimisiún”) agus an Bord Pleanála (“an Bord”) (a dtugtar “na Comhlachtaí” orthu san MT seo) comhoibriú idir na Comhlachtaí a éascú i gcomhlíonadh a bhfreagrachtaí reachtúla faoi seach d’fhonn gníomhaíochtaí an dá rialtóra a fheabhsú. Is é cuspóir an MT seo ról agus freagrachtaí gach Comhlachta a aithint go soiléir faoi mar a bhaineann siad leis an gComhlacht eile. Geallann an dá Chomhlacht cloí le beartas comhoibrithe leanúnaigh agus idirghníomhaíochta sa mhéid seo.

2. Cúlra Dílithiúil

a) An Bord Pleanála

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (leasaithe) sanntar feidhmeanna éagsúla don Bhord lena n-áirítear achomhairc a chinneadh in aghaidh chinntí Údaráis Phleanála ar iarratais ar chead pleanála agus cinneadh a dhéanamh ar iarratais a dhéanann oibreoirí príobháideacha, údaráis stáit agus údaráis áitiúla agus comhlachtaí reachtúla eile díreach chuig an mBord ar chead/cheadú le haghaidh Forbairt Bonneagair Straitéisigh.

b) An Coimisiún

Bunaíodh an Coimisiún i 1999 leis an Acht um Rialáil Leictreachais 1999 (Acht 1999) (leasaithe), agus leathnaíodh ról agus feidhmeanna an Choimisiúin ó shin trí reachtaíocht leasaitheach m.sh. an tAcht um Shábháilteacht Peitriam (Taiscéaladh agus Astarraingt) 2010. Tá feidhmeanna éagsúla sábháilteachta agus eacnamaíocha ag an gCoimisiún, lena n-áirítear gnóthais leictreachais agus gháis a rialú agus

soláthar iomaíoch, inbhuanaithe agus iontaofa leictreachais agus gáis nádúrtha a chinntiú do chustaiméirí fuinnimh na hÉireann. Tá freagracht ar an gCoimisiún, leis, as sábháilteacht ghníomhaíochtaí peitrliam agus sábháilteacht soláthar, tarchur, dáileadh, stóráil agus úsáid gáis a rialú agus conraitheoirí leictreacha agus suiteálaithe gáis a chlárú.

3. Réimsí Freagrachtaí Comhroinnte

Is féidir tábhacht a bheith le nithe sábháilteachta agus cinneadh á dhéanamh faoi cé na himpleachtaí do phleanáil úsáid talún agus don chomhshaol a bheidh ag forbairtí áirithe. Is féidir go mbeidh comhéadan idir an Coimisiún agus an Bord i gcásanna ina bhfuil cúram sonrath ar an gCoimisiún i dtaca le nithe sábháilteachta agus ina bhfuil achomharc nó iarratas maidir le forbairt dá sórt á chinneadh ag an mBord. Agus freagrachtaí reachtúla faoi seach an dá Chomhlachta, agus feidhmeanna, dualgais agus srianta reachtúla a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm, á n-admháil, déanfaidh an Coimisiún agus an Bord araon a ndícheall dul i mbun dlúthchaidrimh go háirithe i dtaca leis na réimsí atá leagtha amach thíos.

Geallann na Comhlachtaí nósanna imeachta a chur i bhfeidhm le cinntiú go gcuirtear na cumarsáidí agus an fhaisnéis ar fáil go tráthúil agus de réir mar is gá don Chomhlacht iarrthach chun gur féidir cásanna a chinneadh laistigh de theorannuithe réasúnta ama.

a) Iarratais phleanála lena n-áirítear iarratais ar bhonneagar straitéiseach

Is ceanglas é faoin reachtaíocht phleanála fógra a thabhairt don Choimisiún i gcás cineálacha áirithe iarratas ar thoiliú le haghaidh forbairt. Is féidir go mbeadh fógra den sórt sin riachtanach ar leibhéal an údaráis phleanála áitiúil nó ar leibhéal an Bhoird. Is iad na cineálacha forbartha i gceist forbairtí a bhaineann le tarchur agus giniúint leictreachais agus le bonneagar nó forbairtí fuinnimh i gcoitinne nó le forbairtí a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar bhonneagar fuinnimh (féach airteagal 28(1)(u) agus airteagal 213(1)(v) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (leasaithe).

I ngach cás ábhartha inar gá fógra agus sonraí an iarratais a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún de réir airteagal 213 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (leasaithe), iarrfar ar iarratasóirí ionchasacha ag an gcéim chomhairliúcháin réamhiarratais dul i gcomhairle leis an gCoimisiún ionas go mbeidh a fhios ag an iarratasóir cén fhaisnéis a bheidh ag teastáil chun gur féidir leis an gCoimisiún tuairimí lánbhríocha a thabhairt ar an iarratas i dtrácht agus ionas nach mbeidh sé riachtanach ar an mBord tuilleadh iarratas ar fhaisnéis a dhéanamh. Féadfaidh an Bord, má mheasann sé é a bheith inmhianaithe, cruinniú/seisiún comhairliúcháin a shocrú leis an gCoimisiún d'fhonn aon saincheistanna ábhartha a thagann chun cinn i dtaca leis an bhforbairt bheartaithe a shoiléiriú. Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil le hiarratasóirí ionchasacha bona fide

ar chead/cheadú pleanála nuair a iarrtar comhairliúchán agus éascófar na hiarratais sin.

I gcás iarratais ábhartha a dhéantar díreach chuig an mBord faoi aon cheann d'ailt an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (leasaithe), cuirfidh an Coimisiún aon tuairimí a mheastar a bheith riachtanach isteach laistigh den teorainn ama atá leagtha síos le haghaidh tuairimí .i. sé seachtaine ar a laghad a bhíonn leagtha amach sa reachtaíocht de ghnáth. I gcás ina mbíonn gá ag an mBord le haon fhaisnéise/tuairimí eile ón gCoimisiún ceadófar tréimhse ama réasúnta (3 seachtaine ar a laghad) agus freagróidh an Coimisiún laistigh den tréimhse shonraithe. I scríbhinn a dhéanfar gach iarratas ar aighneacht.

Gheofar in Alt 182C den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna chur isteach leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Forbairt Bonneagair Straitéisigh) 2006, agus arna leasú ag an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010, forálacha ar leith maidir le comhairliúcháin idir an Bord agus an Coimisiún i gcás forbairt bonneagair gáis straitéisigh áirithe (mar atá sainithe san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (leasaithe) (féach fo-ailt (9) go (9E) d'alt 182C).

Faoi alt 182C(9) ceanglaítear ar an mBord iarraidh ar an gCoimisiún tuairimí a thabhairt i dtaobh nithe sábháilteachta nó oibríochta, lena n-áirítear aon chomhairle sábháilteachta iomchuí nó moltaí sonracha a mheasfaidh an Coimisiún a bheith cuí, laistigh de thréimhse shonraithe nach lú ná 3 seachtain. Ceanglaítear ar an mBord, faoi fho-alt (9A) aird ar leith a thabhairt ar thuairimí an Choimisiúin. Tá dualgas ar an mBord, leis, dul i gcomhairle tuilleadh leis an gCoimisiún má tá sé ag breithniú gan glacadh le tuairimí an Choimisiúin. I gcás nach nglacann an Bord le tuairimí an Choimisiúin ina chinneadh, ní mór dó an chúis nó na cúiseanna atá aige a thabhairt. Áirítear ar Fho-alt (9E) d'alt 182C liosta de na nithe ar féidir leis an gCoimisiún tagairt a dhéanamh dóibh ina thuairimí. Áirítear ar an liosta seo cás sábháilteachta agus cead sábháilteachta faoi mar atá sainithe san Acht um Rialáil Leictreachais 1999 (leasaithe). Tá an liosta seo gan dochar do ghinearáltacht theidlíocht an Choimisiúin tuairimí a thabhairt ar ní ar bith a mheasann sé a bheith ábhartha.

Ceadaíonn fo-alt (10) d'alt 182C don Aire rialacháin a dhéanamh chun foráil do nithe a bhaineann le nós imeachta i ndáil le hiarratais ón mBord ar aighneachtaí agus i ndáil le tuairimí ón gCoimisiún. Ní dhearnadh aon rialachán den sórt sin go dtí seo.

I gcás iarratais ábhartha faoi alt 182C, .i. Forbairt Bonneagair Gháis Straitéisigh, cloífead leis an nós imeachta atá leagtha amach in ailt 182C (9) go (9E).

Agus tuairimí an Choimisiúin á iarraidh, soiléireoidh an Bord, más féidir, an tsaincheist ar mian leis tráchtáil/tuairimí a fháil ina taobh agus díreoidh an Coimisiún a fhreagraí ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas. I gcás ina ndéanann an Coimisiún moltaí ina fhreagraí déanfar gach iarracht na

moltaí a leagan amach go soiléir gan débhrí d'fhonn gur féidir forálacha alt 182C(9) go (9E) a leanúint.

b) Achomhairc Phleanála

I gcásanna ina bhfuil an Bord ag déileáil le hachomharc a bhaineann le hiarratas ar fhorbairt arna chinneadh ag Údarás Pleanála agus a bhfuil baint ag an gCoimisiún leis nó inar chuir an tÚdarás Pleanála an Coimisiún ar an eolas faoin iarratas, féadfaidh an Bord tuairimí a iarraidh ar an gCoimisiún i gcásanna ina meastar nár leor an comhairliúchán ar leibhéal an Údaráis Phleanála nó ina dtarraingítear anuas saincheistanna nua ábhartha ar chéim an achomhairc.

I gcomhairliúcháin i dtaca le hachomhairc beidh feidhm ag forálacha a bheidh comhchosúil leis na forálacha a rialaíonn forbairt bonneagair straitéisigh .i. ceadófar tréimhse réasúnta ama (3 seachtaine, ar a laghad) don fhreagra agus freagróidh an Coimisiún laistigh den tréimhse shonraithe.

c) Éisteachtaí ó Bhéal an Bhoird Phleanála

Ní dhéanfar iarratais ar fhreastal ar éisteachtaí ó bhéal ach amháin trí chomhairliú idir an dá Chomhlacht le cinntiú gur cuí don Choimisiún a bheith i láthair. Ní fhreastalóidh an tÚdarás ar éisteachtaí ó bhéal de ghnáth, i gcásanna nach bhfuil sainordú reachtach aige maidir leo.

4. Comhairliú Ginearálta/Socruithe Teagmhála

Rachaidh na Comhlachtaí i gcomhairle le chéile nuair a bhíonn ceachtar den dá Chomhlacht ag táirgeadh treoirínte nó doiciméadú nós imeachta maidir le feidhmiú feidhmeanna reachtúla na gComhlachtaí faoi seach, feidhmeanna nach bhfuil baint acu le tograí forbartha ar leith, i gcás ar bith ina bhféadfadh na treoirínte nó an doiciméadú nós imeachta a bheith ábhartha maidir leis an gcomhéadan idir an dá Chomhlacht. Agus creataí sábháilteachta á bhforbairt a d'fhéadfadh comhéadan a dhéanamh leis an réimeas rialála pleanála déanfar iarrachtaí trí chomhairliúchán obair an dá Chomhlachta a ailíniú a mhéad is féidir.

I gcás ina dtéann an dá Chomhlacht i mbun comhairliúcháin, mar a dtagraítear dó thuas, cuirfear na freagraí isteach, más féidir, laistigh den teorainn ama sceidealta ionas gur féidir na treoirínte nó an doiciméadú nós imeachta i dtrácht a tháirgeadh go tráthúil.

Coimeádfaidh an Coimisiún an Bord chun dáta maidir leis an gCreat Sábháilteachta Peitriam, a bunaíodh faoi alt 131 d'Acht 1999, lena n-áirítear treoirínte a eisíodh faoi alt 13L, gníomhaíochtaí peitriam a ainmniú faoi alt 13D agus an tréimhse ama le haghaidh cásanna sábháilteachta agus ceadanna sábháilteachta dá dtagraítear in Acht 1999 (leasaithe).

5. Cumarsáid

Déanfar an chumarsáid idir an dá Chomhlacht ar shaincheisteanna ginearálta trí Phríomhoifigeach an Bhoird agus Stiúrthóir Sábháilteachta an Choimisiúin.

Is iad daoine a ainmneofar faoin MT seo a dhéanfaidh an chumarsáid idir an Bord agus an tÚdarás i dtaca le hiarratais ar fhorbairt. Tabharfar ainmneacha na dteagmhálaithe chun dáta i gcás athrú pearsanra. Seo iad na daoine atá ainmnithe mar theagmhálaithe i láthair na huaire:

Ar son an Choimisiúin

Eamonn Murtagh,
Bainisteoir an Chreat-Tionscadail
Sábháilteachta Peitriam

Ar son an Bhoird Phleanála

Diarmuid Collins, Ard-Oifigeach Riaracháin
(Cásanna Bonneagair Straitéisigh)

Mary Holohan, Ard-Oifigeach Riaracháin
(Cásanna Achomhairc Phleanála)

6. Athbhreithniú ar an MT

Meastar go dtiocfaidh ionadaithe an Choimisiúin agus an Bhoird le chéile go tráthrialta chun an MT seo a athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar a ábhartha agus a éifeachtaí atá an MT ag obair agus, go háirithe, na bearta comhoibritheacha agus comhairliúcháin a bunaíodh i réimsí comhfhreagrachta nó i réimsí forluiteacha freagrachta. Déanfar an chéad athbhreithniú laistigh de 18 mí ó ghlacadh an MT.

7. Stádas an MT

Tiocfaidh an MT seo in éifeacht an dáta a shínítear é thar ceann an Choimisiúin agus an Bhoird. Ní ceangal dlíthiúil ar na Comhlachtaí é an MT seo ach is léiriú é ar ghealltanais aonair agus ar ghealltanais comhchoiteann chun dul i mbun oibre le chéile d'fhonn na cuspóirí comhroinnte atá luaite anseo a bhaint amach.

An Dr. Mary Kelly
Cathaoirleach,
An Bord Pleanála

Dermot Nolan
Cathaoirleach,
An Coimisiún

Garrett Blaney,
Coimisinéir,
An Coimisiún

Seo é téacs an Mheabhráin Tuisceana a shínigh na páirtithe ann; ní cóip é den doiciméad bunaidh sínithe.